

SEANCHAS

Chuala me cainnt ar fhear a chuaidh a'cur ciste i bhfolach mar bhíodh go leor acab ag cur cistí i bhfolach sa talamh fadó. Sé an áit a chuir sé seo an ciste i bhfolach ar aghaidh na gealaigh. Nuair a bhreathnuigh sé ar an ngealach bhí sí díreach ag an áit a raibh an ciste i bhfolach aige. Cheap sé nach raibh marc ar bith ab fhearr dhó ná é bheith ar aghaidh na gealaigh. Ach nuair a chuaidh sé a' tóruigheacht na ciste aríst oidhche bhreagh ghealaigh sheas sé ar aghaidh na gealaigh. "Tá mé anois" adeir sé "díreach ar aghaidh na gealaigh. Caithfidh sé go bhfuil sé annseo in áit eicínt." Bhí sé a' tóruigheacht agus é cinnt air aon bhlas fhághail. Níl áit dá dteigheadh sé nach mbíodh an ghealach ar a aghaidh ach b'éigin dó eirigh as. Chinn sé air an chiste a fhághail.

17/3/33

Chuala mé cainnt ar fhear a bhí ar an mbaile, Maolraidh a bhí air, a chuaidh a' tóruigheacht ciste oidhche annseo thiar. Bhain sé síos ins a' ngainimh chomh domhain agus gur casadh pota leis agus nuair a bhí sé bainnte síos go dtí an pota aige bhí péist mhór casta timpeall ar an bpota agus ní leigfeadh sí cead dhó an pota a thabhairt leis. B'éigin dó an pota a fhágail ina dhiadh. Garraidhe "Pholl an Chisde" atá ar an ngarraidhe ariamh ó shoin.

17/3/33

...

siúd 'un a tseisiúin iad agus d'innis 'chaon duine acab an bealach a bhí ann don bhreitheamh. Creidim nach raibh an breitheamh ag iarraidh aon bhlas ar an bhfear seo a bhain an tsúil as an bhfear eile ó's ag iarraidh é a shábháil a bhí sé agus cheap an fear eile gur mhór an nidh ar féin an tsúil a bheith bainte as. Dubhairt an breitheamh leo a dhul abhaile. Bhí stócach dhá bhliain déag ann agus dubhairt sé go dtríáilfeadh sé féin an chúis ar bhealach eile má bhí siad sásta cead cainnte a thabhairt dó.

"Séard a dhéanfainn-se leothab" adeir an stócach, "an bheirt a dhul amach aríst san áit a ndeachaidh an fear i bhfairrge agus an fear dhá chaitheamh féin i bhfairrge aríst agus dá mbeadh sé indon a theacht isteach sa mbád gan an fear eile a a cur cos ná lámh ann mholfainn luach na súil dhó agus mara mbeadh ní thiubharfainn aon sásamh dó." Fiafruigheadh den fhear a raibh an tsúil bainnte as ar raibh sé sásta a dhul ann aríst agus é féin a chaitheamh i bhfairrge. Dubhairt sé nach raibh. Nuair nach raibh ...